Oide

# Nuachtlitir Bhealtaine 2026


# AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH

A chomhghleacaithe, a chairde,
Agus bliain eile ag teacht chun deiridh, tógaimis nóiméad chun aitheantas a thabhairt don dúthracht, don chúram agus don chruthaitheacht a chaitheann sibh le bhur gcuid oibre chun tacú le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú laistigh de agus trí chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí ar fud na tíre.

Ba bhliain lán d'fhás agus de chonairí nua í an bhliain seo gan aon agó, agus í á múnlú ag na heispéiris foghlama fiúntacha a chruthaíonn sibh agus ag an tacaíocht a thugann sibh de réir mar a fhorbraíonn scoláirí le muinín agus le tuiscint ar an treo don todhchaí.

Ba mhór an onóir don fhoireann ATF *Oide* tacú leis an obair sin i rith na bliana. Tá súil againn go dtugann an samhradh leis deis an-tuillte chun sos a ghlacadh agus scíth a ligean, agus tá muid ag dúil le leanúint ar aghaidh leis an obair sin i dteannta a chéile sa scoilbhliain 26/27 amach romhainn.

## FOIREANN ATF




Is féidir le do Phríomhoide tacaíocht scoile don Ardteistiméireacht Fheidhmeach a iarraidh tríd an DMS https://dms.oide.ie/event/public


Is féidir le cuairt ar do scoil a bheith san áireamh sa tacaíocht sin agus/nó tacaíocht trí scairt ghutháin nó ríomhphost. Tabhair do d'aire fosta go bhfuil stór acmhainní agus tacaíochtaí atá ag fás i rith an ama ar ár suíomh ATF *Oide*.

Tacaíocht mhúinteora ATF trí
https://dms.oide.ie/event/public
Cláraigh lenár liosta seachadta.


## Cláraigh chun nuacht agus nuashonraithe a fháil:

# Ardteistiméireacht Fheidhmeach: Bliain lán d'Fhás agus de Chonairí

Bhí an Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2025/26 gnóthach do chomhordaitheoirí, do mhúinteoirí agus do scoláirí ar aon. Bhí an clár ATF ar fáil i 461 scoil i mbliana, chuir 4838 scoláire an turas ATF i gcrích i Meitheamh 2026 agus chuir 5924 scoláire an cúigiú bliain den turas ATF i gcrích (ó C.S.S.). Tá *Oide* ag obair le roinnt scoileanna eile don bhliain 2026/27 agus d'fhoilsigh muid treoir ghairid chéim ar chéim maidir le conair le haghaidh cur i bhfeidhm scoile chun tacú le scoileanna atá ag smaoineamh ar ATF a thabhairt isteach arís nó as an nua - cliceáil ar an íomhá ar dheis nó *anseo*.





Mar a fheiceann tú sa ghrafaic thíos, tá líon na scoileanna ina bhfuil ATF ar fáil ag méadú in aghaidh na bliana. Thacaigh *Oide* le comhordaitheoirí agus múinteoirí ATF in 118 Eispéireas Foghlama Gairmiúla agus tógadh caidrimh láidre trí Thacaíocht Ionscoile. Agus bliain a bhí chomh gnóthach agus chomh táirgiúil sin a bheith istigh, tá gach duine ag dúil go mór le saoire an tsamhraidh. Guímid gach rath ar na scoláirí a chuirfidh ATF i gcrích agus a rachaidh ar aghaidh ar chonairí nua




## Spreagadh – Seimineáir Ghréasáin ar líne maidir le 'Task Talk' agus 'Webwise'

Bhí dhá sheimineár gréasáin ar líne á n-óstáil ag an bhFoireann um Ardteistiméireacht Fheidhmeach i mí Feabhra. Tá buíochas mór ag dul do Julie Anne Behan, St. Paul's Secondary School, Mainistir Eimhín, Caroline Matthews, Ashbourne Community School agus Yvonne Lulias, Holy Spirit Secondary School, Cill Chainnigh as a gcuid taithí agus a saineolais a chomhroinnt san eispéireas foghlama gairmiúla ar líne 'Taks Talk: Making LCA Tasks Meaningful.' Buíochas ó chroí fosta le Tracy Hogan, Oifigeach um Shaoránacht agus Oideachas Digiteach agus Rannphairtíocht na nÓg a chomhroinn acmhainní agus dea-chleachtas sa tSaoránacht Dhigiteach. Is féidir teacht ar naisc don dá eispéireas foghlama gairmiúla ar líne thíos agus is féidir teacht ar acmhainní eile maidir le saoránacht dhigiteach ag *https://www.webwise.ie/*






# Lá Comhlach - De Sathairn 18 Aibreán





Ó chlé go deas: Seán Mulholland, Conor Hayes, Fionnuala Morgan, Keith Murphy, Ava Thompson, Vicky O'Reilly, Caroline McNamara, Yvonne Lulias, Julie Anne Behan, Carmel Briody O'Keefe, Nikki Lee, Marilyn O'Riordan, Jerome Chambers agus Maureen Casey.

Bhí Lá Comhlach thar a bheith tarraingteach ar siúl Dé Sathairn 18 Aibreán, díríodh ar "Connecting and Reflecting through LCA Pathways." I láthair ar an lá, bhí cuid dár gcomhlaigh ATF *Oide*, Ceannairí Foghlama Gairmiúla, ionadaithe ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ár gcomhghleacaithe ón gCumann Náisiúnta um Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCANA) chun cleachtas a chomhroinnt agus chun conairí na scoláirí a fhiosrú. Bhí ionchur fiúntach ó aoichainteoirí, Vicki O'Reilly (Mac Léinn Taighde, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath) agus Ava Thompson (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus iarscoláire ATF), a thug léargas ón bhfíorshaol ar na deiseanna a thagann as rannpháirtíocht sa chlár ATF.

## Dea-scéala





Gabhaimid buíochas le Olivia Farrelly ó Sacred Heart Secondary School, Droichead Átha, as an dóigh ar féidir le húsáid chruthaitheach spáis feabhas a chur ar rannpháirtíocht scoláirí san ATF a chomhroinnt. Ó 2022 i leith, athraíodh iar-shiopa sólaistí ina stiúideo do shainchúrsaí Gruaige agus Scéimhe. Léiríonn an spás nua éiteas ATF; praiticiúil, scoláire-lárnach agus ceangailte le foghlaim don fhíorshaol.

Dearadh é le bheith ina scáthán ar shalón gairmiúil, tacaíonn sé le scoláirí chun scileanna a fhorbairt maidir le cúram gruaige, cúram scéimhe, cúram coirp agus cúram custaiméirí i dtimpeallacht bharántúil tharraingteach agus cuireann na scoláirí lena muinín, a scileanna cumarsáide agus a bhfeasacht ar chonairí don todhchaí ag an am céanna. Níl ann ach aon sampla amháin den chruthaitheach sa spás ATF ar fud na tíre.

Guímid sos deas an tsamhraidh oraibh,
ó fhoireann ATF *Oide*.